



An Roinn Airgeadais  
Department of Finance

73-79, Sráid an Mhóta Íocht., Baile Átha Cliath 2, Éire.	73-79, Lower Mount Street, Dublin 2, Ireland.	Telephone: 353-1 676 7571 Facsimile: 353-1 604 5710 353-1 604 5719 353-1 604 5499 LoCall: 1890 66 10 10 VPN: 8109 <a href="http://www.irfgov.ie/finance">http://www.irfgov.ie/finance</a>
---	--	---

E136/1/91

Eanáir, 2004

1/2004 (PC37)

### **Ciorclán 1/2004 : Cúrsaí agus Scoláireachtaí Gaeltachta 2004**

A Dhuine Uasail

Tá ordú agam ón Aire Airgeadais na socruithe anseo thíos a chur i bhfeidhm sa bhliain 2004 maidir le cúrsaí agus scoláireachtaí Gaeilge a bheidh ar siúl ag Gaeleagras na Seirbhíse Poiblí. Ba cheart go dtabharfadh gach Roinn agus Oifig lántacaíocht do na socruithe seo a bhfuil sé d'aidhm leo cumas agus spéis sa Ghaeilge a neartú i measc na fóirne ar fad d'fhonn timpeallacht dátheangach a chothú, agus na forálacha i leith seirbhís den scoth a sholáthair d'ár gcustaiméirí á gcur san áireamh.

Ba cheart féachaint orthu mar chuid de chlár gníomhaíochta na Roinne chun an Ghaeilge a threisiú agus a fhorbairt san ionad oibre.

#### **Cúrsaí le linn uaireanta oifigiúla**

2 Tá cúrsaí ar siúl le linn uaireanta oifigiúla i nGaeleagras agus laistigh de na Ranna féin, oifigí áitiúla san áireamh (de réir éilimh), a bhfuil sé de bhunaidhm leo cumas a chruthú chun seirbhís dátheangach a thairiscint agus a thabhairt. Ba cheart do Ranna/Oifigí Stáit a gcuid riachtanais a chur in iúl. Iarrtar ar Ranna/Oifigí daoine a scaoileadh saor chun freastal ar na cúrsaí de réir mar a fhógraíonn Gaeleagras iad ó am go ham.

#### **Cúrsaí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath**

3 Tabharfaidh Gaeleagras gach cúnaimh agus comhairle is féidir d'aon ghrúpa de státseirbhíisigh ar spéis leo brainse de Ghaeleagras a bhunú ina gceantar agus cúrsaí Gaeilge a chur ar siúl. Ba cheart do na húdaráis an fhoireann a spreagadh chun a gcuid Gaeilge a fheabhsú agus deimhin a dhéanamh de go mbeidh cumas ag cuid acu, ar a laghad, seirbhís dátheangach a thairiscint agus a thabhairt, go háirithe i gceantair Ghaeltachta agus ar imeall na Gaeltachta.

Chuibh/Gach Roinn

/Cúrsaí

## **Cúrsaí Scoláireachta Gaeltachta**

**4** Is é an phríomhaidhm a bheidh leis na cúrsaí scoláireachta ná cuidiú le státseirbhísigh seirbhís dátheangach a thairiscint agus a thabhairt san ionad oibre, seirbhís atá leagtha síos mar dhualgas ar Ranna agus Oifigí Stáit. Mar sin, iarrtar ar Ranna gach dícheall a dhéanamh chun oifigigh oiriúnacha a scaoileadh chun freastal ar na cúrsaí Gaeltachta faoin scéim scoláireachta. Fógrófar ionaid agus dátaí ar ball.

## **Scéim Scoláireachta**

- 5.1**
- (i) Is ceadaithe do Ranna suas le 300 scoláireacht a bhronnadh ar státseirbhísigh. Beidh fáilte roimh chomhlachtaí stáit, údaráis áitiúla, 7rl., córas scoláireachta dá gcuid féin a chur ar fáil a bheadh ar aon dul leis an gcóras atá i bhfeidhm sa státseirbhís agus freastal ar na cúrsaí Gaeltachta.
  - (ii) Bheifí ag súil go ndéanfadh gach duine a fhaigheann scoláireacht gach iarracht a chuid Gaeilge a fheabhsú agus líofacht a bhaint amach le linn an chúrsa, go leanfadh sé/sí ar aghaidh á cleachtadh tar éis an chúrsa agus go mbeadh sé/sí réidh le seirbhís trí Ghaeilge a chur chun cinn ina Roinn/Oifig féin. Iarrtar ar Ranna/Oifigí leas a bhaint as an lucht scoláireachta chun an Ghaeilge a chur chun cinn in a Ranna.
  - (iii) Is é a bheidh i gceist leis an scoláireacht ná cúig lá saoire speisialta le pá agus lá amháin saoire bhliantúil chun freastal ar chúrsa sa Ghaeltacht a leanfaidh ar feadh ocht lá, dhá lá taistil san áireamh. Gach duine a fhaigheann scoláireacht, faoi na coinníollacha a bheidh leagtha síos, agus a chríochnóidh an cúrsa iomlán go sásúil, beidh sé/sí i dteideal **€90** a fháil ón Roinn/Oifig féin chun cuidiú le costais taistil agus cothaithe a ghlanadh. Is é Gaeleagras a eagróidh na cúrsaí sa Ghaeltacht.

**5.2** Is iad seo a leanas na treoirínte ginearálta a bheidh i bhfeidhm:

- (i) Maidir le bronnadh scoláireachta, ba cheart do Ranna tús áite a thabhairt dóibh siúd atá ag fónamh in oifigí poiblí, 7rl., nó in aon oifigí eile a mbeadh plé acu le pobal na Gaeilge.

/(ii)

- (ii) Lasmuigh díobh siúd beidh an comórtas scoláireachta oscailte d'oifigigh a léirigh ar bhealach praiticiúil go bhfuil spéis acu sa Ghaeilge.
- (iii) Beidh ar gach iarrthóir scrúdú cainte Gaeilge a dhéanamh agus tionscnamh éigin a scríobh faoin a c(h)uid oibre agus sin a thabhairt leis/leí chuig an scrúdú cainte.
- (iv) Gheobhaidh iarrthóirí creidiúint bhreise speisialta as obair i dtaca le cur chun cinn na Gaeilge san ionad oibre agus as freastal ar chúrsaí Gaeilge.
- (v) Ní ghlacfar le iarratais ó oifigigh a fuair dhá scoláireacht nó níos mó ó Eanáir 2000 ach amháin i gcásanna go molfadh an Roinn dul ar chúrsa toisc, m.sh.,riachtanais ar leith atá aici/aige maidir le cur chun cinn na Gaeilge.
- (vi) Glacfar le iarratais ar scoláireachtaí ar an bhfoirm oifigiúil suas go dtí **19 Márta 2004**. Ní ghlacfar le iarratais ina dhiaidh sin.

### **Bronnadh Scoláireachtaí**

- 6 Is í an Roinn ina bhfuil iarrthóirí ag obair, i gcomhar le Gaeleagras, a bhronnfaidh na scoláireachtaí. Is í freisin a íocfaidh an deontas €90 (mar chúnamh taistil agus lóistín) tar éis an chúrsa. Ba cheart freisin ainmneacha daoine a gheobhaidh scoláireacht a chur ar liosta na ndaoine sa Roinn a bhfuil cumas Gaeilge acu.

### **Foirmeacha iarratais agus eolas breise**

- 7 Tá foirmeacha iarratais mar aon le eolas breise faoi na coinníollacha a ghabhann leis na scolaireachtaí ar fáil ó Ghaeleagras, Teach Lansdúin, Baile Átha Cliath 4.

### **Seimineáir**

- 8 Reachtálfaidh Gaeleagras seimineáir speisialta ó am go ham chun moltaí faoi chur chun cinn na Gaeilge a dhéanamh agus a phlé. Cuirfear fógra chuig Ranna roimhré faoi imeachtaí dá leithéid.

**Tuilleadh eolais**

- 9** Gheofar tuilleadh eolais faoi na socruithe ar fad ach glaoh ar Ghaeleagras ag (01) 604 5041/604 5044 /604 5046 / 604 5033, nó scríobh chuig: Gaeleagras, Urlár 4, Teach Lansdúin, Baile Átha Cliath 4. (VPN 8109 5044, 5046) Glao áitiúil 1890661010

**Scaipeadh**

- 10** Bheinn buíoch díot ach an ciorclán seo a scaipeadh ar gach ball den fhoireann sna hoifigí go léir atá faoi do chúram.

Mise le meas,

**Rúnaí Cúnta**

## **SUMMARY OF CIRCULAR 1/2004 OF THE DEPARTMENT OF FINANCE**

This circular announces the Gaeltacht Scholarship Scheme and certain other Irish Language Courses to be conducted through Gaeleagras na Seirbhíse Poiblí during 2004.

It will be noted that all applicants will be required to undergo an oral test. Application forms and detailed information regarding the tests, courses, etc., can be obtained from:

**Gaeleagras, Lansdowne House, Ballsbridge, Dublin 4.**

**Telephone: 604 5041/604 5046/604 5044/604 5033**

**VPN 8109 5044, 5046**

**Locall 1890 661010**

# GAELEAGRAS

TEACH LANSDÚIN, BÁC 4, 676 7571 VPN 8 109 Facs 668 1592  
(DDI 604 5044/ 604 5033/ 604 5046/ 604 5041 Glao Áitiúil 1890 661010)  
SCÉIM SCOLÁIREACHTA GAELTACHTA 2004  
(Ciorclán 1/2004 Roinn Airgeadais)

AINM: \_\_\_\_\_ Uimhir PPS \_\_\_\_\_  
(Bloc Litreacha) Grád \_\_\_\_\_

ROINN: \_\_\_\_\_

SEOLADH: (ionad oibre) \_\_\_\_\_  
(Block Capitals)

FÓN (oifig): \_\_\_\_\_ FACS: \_\_\_\_\_

Seoladh Ríomhphoist: \_\_\_\_\_  
(E-Mail address)

1. Ba mhaith liom cur isteach ar Scoláireacht chuig an nGaeltacht seo a leanas -  
(Cuir 1, 2, 3, 4 sna boscaí cúí de réir do rogha).

BAILE AN FHIRTÉARAIGH Co. Chiarraí 22 - 29 Bealtaine 04 ( )

GAOTH DOBHAIR Co. Dhún na nGall 12 - 19 Meitheamh 04 ( )

AN CHEATHRÚ RUA Co. na Gaillimhe 04 - 11 Meán Fómhair 04 ( )

AN CHEATHRÚ RUA Co. na Gaillimhe 18 - 25 Meán Fómhair 04 ( )

2. An bhfuair tú scoláireacht cheana: Fuair ( ) Ní bhfuair ( ) Blianta ( )

3. Caighdeán Gaeilge: go maith ( ) measartha ( ) lag ( )

4. Seirbhís trí Ghaeilge go rialta ( ) go minic ( ) go hannamh ( )

5. An ndearna tú freastal ar chúrsa Gaeilge: Rinne ( ) Ní dhearna ( )

6. Ionad an Chúrsa sin: \_\_\_\_\_

7. Eolas eile a chuideoidh leat: \_\_\_\_\_

*Má fhaighim Scoláireacht táim toilteanach mo dhícheall a dhéanamh feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge, agus seirbhís dhátheangach a thabhairt más gá.*

SÍNÍÚ: \_\_\_\_\_ DÁTA: \_\_\_\_\_

CUIR AN FHOIRM CHUIG GAELEAGRAS CHOMH LUATH  
AGUS IS FÉIDIR ACH AR AON CHUMA ROIMH 19 Márta 2004  
Sliocht as Ciorclán 1/2004 ar chúl

## Scéim Scoláireachta - Sliocht as Ciorclán 1/2004

1. Is ceadaithe do Ranna suas le 300 scoláireacht a bhronnadh ar státseirbhísigh. Beidh fáilte roimh chomhlachtaí stáit, údaráis áitiúla, 7rl., córas scoláireachta dá gcuid féin a chur ar fáil a bheadh ar aon dul leis an gcóras atá i bhfeidhm sa státseirbhís agus freastal ar na cúrsaí Gaeltachta.
2. Is é a bheidh i gceist leis an scoláireacht ná cúig lá saoire speisialta le pá agus lá amháin saoire bhliantúil chun freastal ar chúrsa sa Ghaeltacht. Gach duine a fhaigheann scoláireacht, faoi na coinníollacha a bheidh leagtha síos, agus a chríochnóidh an cúrsa iomlán (8 lá) go sásúil, beidh sé/sí i dteideal €90 a fháil ón Roinn/Oifig féin chun cuidiú le costais taistil agus cothaithe a ghlanadh. Is é Gaeleagras a eagróidh na cúrsaí sa Ghaeltacht.
3. Maidir le bronnadh scoláireachta, ba cheart do Ranna tús áite a thabhairt dóibh siúd atá ag fónamh in oifigí poiblí, 7rl., nó in aon oifigí eile a mbeadh plé acu le pobal na Gaeilge.
4. Lasmuigh díobh siúd beidh an comórtas scoláireachta oscailte d'oifigigh a léirigh ar bhealach praiticiúil go bhfuil spéis acu sa Ghaeilge.
5. Beidh ar gach iarrthóir scrúdú cainte Gaeilge a dhéanamh agus tionscnamh éigin a scríobh faoina c(h)uid oibre agus a thabhairt leis chuig an scrúdú cainte.
6. Gheobhaidh iarrthóirí creidiúint bhreise speisialta as obair i dtaca le cur chun cinn na Gaeilge san ionad oibre agus as freastal ar chúrsaí Gaeilge.
7. Ní ghlacfar le hiarratais ó oifigigh a fuair dhá scoláireacht nó níos mó ó Eanáir 2000 ach amháin i gcásanna go molfadh an Roinn, nó an Coiste Gaeilge dóibh dul ar chúrsa.
8. Glacfar le hiarratais ar scoláireachtaí ar an bhfoirm oifigiúil suas go dtí **19 Márta 2004**. Ní ghlacfar le hiarratais ina dhiaidh sin.